Céadaoin an Luaithrigh 2024



Is ionann *Céadaoin an Luaithrigh* agus tús an Charghais. Cuireann sé tús leis an turas go dtí féile mór na Cásca. Is é Céadaoin an Luaithrigh an chéad cheann de dhá lá de *throscadh agus tréanas* san Fhéilire Liotúirgeach. Is é *Aoine an Chéasta* an ceann eile agus bíonn sé ag deireadh an Charghais.

Ar Chéadoin an Luaithrigh, beannaíonn an sagart an luaithreach. Faightear an luaithreach trí na craobhacha pailme a bhíonn fágtha tar éis Domhnach na Pailme na bliana roimhe sin a dhó. Ní Lá Saoire Eaglasta é Céadaoin an Luaithrigh, ach fós freastalaíonn a lán Caitlicigh ar an Aifreann nó tugann siad cuairt ar an séipéal an lá sin agus déantar Comhartha na Croise ar a mbaithis leis an luaithreach,

Is comhartha den aithrí é an luaithreach. In aimsir an tSean Tiomna, léirigh daoine aiféal faoina gcuid peacaí trí *sacéadach agus luaithreach* a chaitheamh ar a gcloigne. Bhí siad ag iarraidh maithiúnas ar aon rud a bhí déanta as bealach acu le linn na bliana.

Cuireann luaithreach i gcuimhne dúinn freisin go dtiocfaidh deireadh leis an am atá againn ar an saol seo agus go gcuirfear tús lenár mbeatha síoraí le Dia. Is é seo a gealladh dúinn nuair a baisteadh muid. Dá bharr seo tá ceangal idir Chéadaoin an Luaithrigh ár dturas tríd an gCarghas agus ár n-aistear tríd an saol.

Déanann an sagart nó ministéar tuaithe Comhartha na Croise ar ár gclár éadain leis an luaithreach beannaithe agus deir “Déanaigí aithrí agus creidigí sa Soiscéal”. Meabhraíonn sé seo dúinn na sean bhealaí a chaith ar leataobh agus muid a spreagadh chun maireachtáil de réir an Dea Scéil a mhúin Íosa dúinn.

Is comhartha é an *Chros Luaithrigh* a chuirtear ar ár gclár éadain ar an lá speisialta seo, go bhfuil muid toilteanach aithrí a dhéanamh agus go gcreideann muid sa Dea Scéal agus go maireann muid dá réir.

Urnaí

A Dhia,

Inniu, agus muid ag caitheamh an luaithreach seo, cabhraigh linn a bheith i gcónaí feasach go bhfuil grá agat dúinn i gcónaí. Cabhraigh linn a bheith inár bpobal grámhar, cineálta. Cabhraigh linn droim láimhe a thabhairt do na rudaí a scarann ó do ghrá muid. Áiméan.